Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Samhain 2023
(OR. en)

15146/1/23
REV 1

LIMITE

PECHE 492

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0301(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2024 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile<br>- Glacadh |

1. Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Comhairle an 28 Lúnasa 2023[1]. Thíolaic sí páipéir leathoifigiúila an 19 Meán Fómhair ina raibh nuashonruithe ar an togra maidir le scadán Mhurascaill na Boitnia, scadán Mhuir Bhailt Thiar agus Láir, trosc Mhuir Bhailt Thoir agus Thiar, agus maidir le leathóga agus saláin chomh maith[2]; an 17 Deireadh Fómhair chun solúbthacht idirlimistéir a thabhairt isteach le haghaidh cadóg ón Muir Thuaidh go dtí uiscí an Aontais in Skagerrak/Kattegat[3]; agus an 20 Deireadh Fómhair ina bhfuil nuashonruithe ar an togra maidir le TAC trosc Ioruach[4].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 7 agus an 21 Meán Fómhair agus an 5 agus an 19 Deireadh Fómhair 2023. Is féidir breathnú ar na tuairimí i scríbhinn a thug na toscaireachtaí in 13056/23 + ADD 1-4.

3. An 20 Deireadh Fómhair 2023, d'ullmhaigh Coiste na mBuanionadaithe an mhír trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil sa Chomhairle.

[1] 12451/23 + ADD 1.
[2] 12996/23.
[3] 14189/23.
[4] 14254/23.

4. Tháinig an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar chomhaontú polaitiúil[5] ag an seisiún a bhí aici ón 23 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2023.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle, ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo, an Rialachán, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14771/1/23 REV 1 é, a ghlacadh, agus na ráitis a leagtar amach in 14816/23 a thabhairt dá haire.

---

[5] 14499/1/23 REV 1



PUBLIC